AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 12.9.2012
COM(2012) 499 final

2012/0237 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 1.1. Comhthéacs ginearálta

Sa Chonradh ar an Aontas Eorpach dearbhaítear in Airteagal 10 *"go gcuidíonn páirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach feasacht pholaitiúil Eorpach a mhúnlú agus le toil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl"*. Tá na prionsabail chéanna curtha in iúl in Airteagal 12(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Is ionann an ceart um shaoirse comhlachais ar gach leibhéal, in ábhair pholaitiúla agus shibhialta, mar shampla, agus an ceart um shaoirse cainte, lena n-áirítear an tsaoirse tuairimí a bheith ag an duine agus eolas agus barúlacha a fháil agus a thabhairt gan cur isteach ó údarás poiblí agus ar neamhaird ar theorainneacha, agus cearta bunúsacha shaoránaigh uile an Aontais.

Dá bhrí sin, is chun leasa shaoránaigh an Aontais Eorpaigh é daonlathas ionadaíoch Eorpach a bheith i dtreis. Tá páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla atá fíor-thrasnáisiúnta ríthábhachtach chun go gcloisfear guthanna na saoránach ar leibhéal Eorpach.

Tá ról tábhachtach le himirt ag páirtithe polaitiúla Eorpacha – agus ag a bhfondúireachtaí cleamhnaithe – chun an bhearna idir polaitíocht náisiúnta agus polaitíocht an AE a líonadh, agus comhlíonann siad feidhmeanna cumarsáideacha tábhachtacha trí thacú leis an idirghníomhú idir leibhéil uile chóras rialachais il-leibhéil an Aontais. Má tá rannpháirteachas níos mó agus níos éifeachtaí le bheith ag na páirtithe agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, is féidir tuiscint na saoránach ar an gceangal idir na próisis pholaitiúla ar leibhéil náisiúnta agus Eorpacha a chur chun cinn agus tá sé ar cheann de na bealaí chun díospóireachtaí poiblí trasnáisiúnta a ghiniúint ar fud na hEorpa agus le taobhú le teacht chun cinn réimse phoiblí Eorpaigh.

Ina theannta sin, ba cheart cuidiú leis na páirtithe polaitiúla Eorpacha a n-acmhainn maidir le toil na saoránach a chur in iúl agus a úsáid i ndáil le hoifigí tofa agus feidhmeanna iondadaíochta eile ar leibhéal Eorpach atá fíor-riachtanach don daonlathas ionadaíoch Eorpach ina iomláine; ba cheart, dá bhrí sin iad a spreagadh, i gcomhthéacs toghchán chuig Parlaimint na hEorpa, cur le feasacht saoránach maidir leis na cleamhnachtaí idir iad agus a bpáirtithe agus a n-iarrthóirí polaitiúla náisiúnta. Tá an méid sin thar a bheith ábhartha tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, rud a chomhdhlúthaigh ról Pharlaimint na hEorpa mar chomhreachtóir iomlán le taobh na Comhairle. Cuireann sé ar bhealach tábhachtach freisin le suim na saoránach sna toghcháin Eorpacha agus líon na vótálaithe a mhéadú agus le dlisteanacht dhaonlathach an Aontais Eorpaigh a threisiú.

### 1.2. Forais agus cuspóirí an togra

Naoi mbliana tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 maidir leis na rialacháin lena rialáiltear páirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach agus na rialacha maidir lena gcistiú[1], agus cúig bliana tar éis a leasú in 2007[2], lenar tugadh isteach, *inter alia*,

[1] IO L 297, 15.11.2003, lch. 1
[2] IO L 343, 27.12.2007, lch 5.

fondúireachtaí polaitiúla cleamhnaithe ar leibhéal Eorpach laistigh de raon feidhme an Rialacháin, sheol an Coimisiún measúnú cuimsitheach ar mhaoiniú reatha agus ar chreat rialála páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

Rinne sé amhlaidh tar éis gur glacadh, ar thaobh amháin, tuarascáil ó Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa (PE) faoi mhaoiniú páirtithe ar leibhéal Eorpach[3] agus, ar an taobh eile rún PE an 6 Aibreán 2011 maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 (dá ngairtear "tuarascáil Giannakou" anseo feasta)[4].

I dTuarascáil Giannakou, arb ionann í agus tuarascáil measúnaithe PE de bhun Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003[5], cumhdaítear dhá phríomhréimse tríd an méid seo a leanas:

- iarrtar ar an gCoimisiún reacht le haghaidh páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a mholadh, ag tagairt freisin do cheisteanna gaolmhara faoi dhaonlathas inmheánach páirtithe; agus

- moltar roinnt athruithe atá nasctha leis an gcóras cistiúcháin is infheidhme maidir leis na páirtithe polaitiúla agus a bhfondúireachtaí polaitiúla cleamhnaithe, iarrtar coinníollacha níos déine maidir le rochtain ar chistiú, ar thaobh amháin, agus córas níos solúbtha, ar an taobh eile.

Mar chuid dá mheasúnú ar na rialacha atá ann cheana lena rialaítear páirtithe polaitiúla agus fondúireachtaí polaitiúla ar leibhéal Eorpach, thug an Coimisiún aird chuí ar na conclúidí ar tháinig PE orthu i dTuarascáil Giannakou. Tá siad araon den tuairim go bhfuil ról tábhachtach le himirt ag na páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla agus Eorpacha chun daonlathas ionadaíoch ar leibhéal an AE a chothú, agus an bhearna idir polaitíocht an AE agus saoránaigh an Aontais a líonadh.

Dírítear, dá bhrí sin, leis an togra seo le haghaidh Rialacháin, ar na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla cleamhnaithe a spreagadh agus cuidiú leo trí choinníollacha a chruthú chun go bhféadfaidh siad fás agus leanúint dá n-iarrachtaí teacht ar shaoránaigh Eorpacha, chun a ndearcadh agus a dtuairimí a léiriú agus a chur in iúl, agus chun nasc níos láidre idir an tsochaí shibhialta Eorpach agus na hinstitiúidí, go háirithe Parlaimint na hEorpa, a sholáthar.

I ndáil le fondúireachtaí polaitiúla, tairgeann sé creat sonrach dlíthiúil, airgeadais agus rialála atá oiriúnaithe dá riachtanais. Tá an creat sin ar leithligh agus éagsúil ó na rialacha lena mbunaítear foirm dhlíthiúil Eorpach le haghaidh fondúireachtaí Eorpacha atá leagtha amach sa togra ón gCoimisiún maidir leis an Reacht um Fhondúireacht Eorpach a glacadh an 8 Feabhra 2012[6].

---

[3] Tuarascáil ón Ard-Rúnaí faoi mhaoiniú páirtithe ar leibhéal Eorpach de bhun Airteagal 15 den Chinneadh ó Bhiúro Pharlaimint na hEorpa an 29 Márta 2004 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacháin lena rialáitear páirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach agus rialacha maidir lena maoiniú –18 Deireadh Fómhair 2010.

[4] A7-0062/2011.

[5] In Airteagal 12 léitear : "Foilseoidh Parlaimint na hEorpa, faoin 15 Feabhra 2011, tuarascáil faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin agus na gníomhaíochtaí a cistíodh. Léireofar sa tuarascáil, i gcás inar cuí, leasuithe féideartha atá le déanamh ar an gcóras cistiúcháin".

[6] COIM(2012) 35 críochnaitheach.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN LE PÁIRTITHE LEASMHARA

Agus an togra reatha á ullmhú, bhí an Coimisiún i ndlúthphlé agus i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha. Thionóil sé roinnt cruinnithe ar leibhéil éagsúla go sonrach maidir leis an togra sin le hionadaithe na bpáirtithe polaitiúla agus na bhfondúireachtaí ar leibhéal Eorpach, le grúpaí polaitiúla i PE, le saineolaithe náisiúnta agus acadúla, le hUachtarán PE, le hArd-Rúnaí PE, agus le rapóirtéir thuarascáil mheastóireachta PE.

Tugann na páirtithe leasmhara go léir ionchur tábhachtach go rialta bunaithe ar a dtaithí agus a saineolas maidir leis na rialacha reatha lena rialaítear na páirtithe polaitiúla agus na fondúireachtaí polaitiúla faoi Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 agus faoin Rialachán Airgeadais araon.[7]

Go háirithe, bhí na páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla agus Eorpacha in ann tuarascáil mheastóireachta PE a chomhlánú trí na deacrachtaí nithiúla a rabhadar i ngleic leo le blianta beaga anuas a shainaithint agus trí thograí agus moltaí a thabhairt i gcás inarbh fhéidir feabhsuithe a chur i gcrích; agus thug saineolaithe agus acadóirí léargas suntasach ar rialacha a bhaineann le stádas agus maoiniú páirtithe polaitiúla ar leibhéal náisiúnta chomh maith le léargas ar an tionchar dóchúil a bheadh ag na bearta arna meas ag an gCoimisiún ar na Ballstáit.

## 3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA

### 3.1. Bunús dlí

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 224 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ina ndearbhaítear *"go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na rialacháin lena rialaítear páirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 10(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe na rialacha maidir lena gcistiú, a leagan síos"*.

Comhfhreagraíonn an fhoráil seo, go bunúsach, leis an dara fomhír d'Airteagal 191 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, ar a bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 bunaithe.

### 3.2. Coimhdeacht agus comhréireacht

Comhlíonann an togra **prionsabal na coimhdeachta** go hiomlán. Is ar leibhéal an AE amháin is féidir rialacha lena rialaítear reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a leagan síos. Cé gur léir gur ardán maith atá sa Rialachán atá ann cheana lena rialaítear páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla chun go bhfaigheadh an dá eintiteas teannta daingean coise sa saolréim pholaitiúil Eorpach agus iad féin a bhunú inti, tá gá anois le hathchóiriú ar na córais reatha rialála agus cistiúcháin chun gur féidir aghaidh a thabhairt ar dhúshláin uile an lae inniu leo (mar shampla trí ghníomhaithe Eorpacha a chruthú ar leibhéal Eorpach, nó trína cheadú do páirtithe polaitiúla Eorpacha acmhainní a thabhairt ar aghaidh ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile) agus gur féidir leo oiriúnú do na

---

[7] Faoi láthair Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach (IO L 248, 16.9.2002, lch. 1). Cuirfear an Rialachán Airgeadais nua in ionad an téacs seo, ar ceart dó teacht i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2013.

dúshláin atá amach rompu. Agus bearta athchóirithe féideartha á leagan amach aige, bhí an Coimisiún cúramach na prionsabail i nDearbhú Uimh. 11 maidir le hAirteagal 191 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh arna chur i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chonradh Nice a léiriú.[8]

Ní théann an togra thar an méid is gá chun an cuspóir fadtéarmach maidir le daonlathas Eorpach agus dlisteanacht institiúidí an AE a fhorbairt agus a neartú, trí fhéachaint le go mbeidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ina ngníomhaithe daonlathacha níos éifeachtaí agus níos cuntasaí. Dá bhrí sin, comhlíonann sé **prionsabal na comhréireachta**. Dírítear leis an togra ar fhoirm dhlíthiúil Eorpach nua a chruthú le haghaidh an dá chineál eintiteas, ach leanfaidís d'oibriú ar bhonn foirme dlíthiúla arna haithint i ndlíchóras an Bhallstáit ina bhfuil a suíomh ó thaobh an chuid is mó de ghnéithe a ngníomhaíochtaí praiticiúla.

Ba cheart dul i ngleic le cuid de na constaicí is tábhachtaí a bhíonn roimh na páirtithe polaitiúla agus fondúireachtaí polaitiúla le linn a ngníomhaíochtaí laethúla agus bainistíochta agus iad ag oibriú sna Ballstáit agus ar fud na mBallstát, gan sraith uileghabhálach rialacha is infheidhme ina leith a leagan síos, áfach. Mar shampla, ní áirítear sa togra aon fhorálacha maidir le dlí saothair ná cánachais (cé is moite de rialacha a bhaineann le neamh-idirdhealú maidir le deontóirí agus bronntanais thrasteorann, i gcás ina bhfuil gné shoiléir ar leibhéal Eorpach gceist. Ach amháin i gcás ina bhforáiltear go sainráite ina leith, leanfadh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha de bheith faoi rialú dlíthe náisiúnta.

## 4. PRÍOMHEILIMINTÍ AN TOGRA

Molann an Coimisiún pacáiste de thograí comhlántacha chun cistiú agus creata rialála na bpáirtithe polaitiúla agus na bhfondúireachtaí ar leibhéal Eorpach a fheabhsú: Le togra amháin, an togra reatha, beartaítear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2004 reatha a ionadú, agus sa dara togra comhthreomhar, féachtar leis an Rialachán Airgeadais a leasú.

Sa togra reatha le haghaidh Rialacháin maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, molann an Coimisiún sraith feabhsuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003. Is é an cuspóir uileghabhálach atá acu infheictheacht, aithint, éifeachtacht, trédhearcacht agus cuntasacht páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a mhéadú.

Leis an togra seo tugtar isteach **reacht dlíthiúil Eorpach**. Déanann an reacht Eorpach foráil maidir leis an bhféidearthacht clárú mar pháirtí polaitiúil Eorpach nó mar fhondúireacht pholaitiúil Eorpach agus ar an gcaoi sin stádas dlíthiúil bunaithe ar dhlí an AE a fháil.

Leis an bpearsantacht dhlítheanach Eorpach nua, a ghlacfaidh ionad aon phearsantachta dlítheanaí náisiúnta a bhí ann roimhe seo, tabharfar an t-aitheantas is gá do pháirtithe

[8] Dearbhú Uimh. 11 de Chonradh Nice: "Meabhraíonn an Chomhdháil nach dtugann forálacha Airteagal 191 le tuiscint aon aistriú cumhachtaí don Chomhphobal Eorpach agus nach ndéanann siad difear do chur i bhfeidhm na rialacha bunreachtúla náisiúnta ábhartha. Ní fhéadfar an cistiú do pháirtithe ar leibhéal Eorpach arna soláthar as buiséad na gComhphobal Eorpach a úsáid chun páirtithe polaitiúla ar leibhéal náisiúnta a chistiú, go díreach ná go hindíreach. Beidh feidhm ag na forálacha i ndáil le cistiú páirtithe polaitiúla, ar an mbonn céanna, maidir leis na fórsaí polaitiúla uile a ionadaítear dóibh i bParlaimint na hEorpa."

polaitiúla Eorpacha, agus cuideofar leo dul i ngleic le cuid de na constaicí seanbhunaithe a bhí rompu. Áirítear orthusan an éagsúlacht foirmeacha dlíthiúla náisiúnta faoina raibh siad go dtí seo, nach n-oireann go maith do chúraimí agus cuspóirí an-sonracha na bpáirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach, agus an easpa infheictheachta poiblí agus aitheantais phoiblí a thig as an méid sin. Tá stádas dlíthiúil aonfhoirmeach bunaithe ar dhlí an AE ríthábhachtach dá bhrí sin, agus cuirfidh sé ar a gcumas an misean sonrach arna sannadh dóibh ag na Conarthaí a chur i gcrích.

Is ionann an reacht dlíthiúil Eorpach comhchosúil le haghaidh fondúireachtaí polaitiúla cleamhnaithe agus aitheantas soiléir a thabhairt don ról ríthábhachtach atá acu mar cranntaca do ghníomhaíochtaí na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus dá gcomhlánú, go háirithe trí rannchuidiú le díospóireachtaí faoi saincheisteanna i dtaca le beartas poiblí Eorpach agus faoi lánpháirtiú Eorpach agus trí ghníomhaithe a thabhairt le chéile ó réimsí éagsúla agus ó leibhéil éagsúla ar fud an Aontais Eorpaigh.

Tabharfar stádas dlíthiúil Eorpach ar choinníoll go n-urramófar caighdeáin arda rialachais, cuntasachta agus trédhearcachta. Ar na coinníollacha agus ceanglais shonracha chun stádas dlíthiúil Eorpach a fháil áirítear urramú dian na luachanna ar a bhfuil an AE bunaithe, agus, i gcás na bpáirtithe polaitiúla, comhlíonadh rialacha íosta maidir le daonlathas inmheánach páirtithe.

Cé gur féidir reacht a chlárú mar pháirtí polaitiúil Eorpach nó mar fhondúireacht pholaitiúil Eorpach agus gan iarratas ar **chistiú ón AE**, a chur isteach ní féidir a mhalairt a dhéanamh. Ciallaíonn an méid sin gurb ionann aitheantas mar pháirtí polaitiúil Eorpach nó mar fhondúireacht pholaitiúil Eorpach, agus dá réir sin comhlíonadh na gcoinníollacha agus na gceanglas ar a bhfuil sé ag brath, agus réamhchoinníoll le haghaidh incháilitheachta do chistiú ó bhuiséad an AE.

Tá sé ríthábhachtach a áirithiú nach bhfuil na coinníollacha maidir le bheith mar pháirtí polaitiúil Eorpach iomarcach ach gur féidir le comhaontais thrasnáisiúnta de pháirtithe polaitiúla agus/nó daoine nádurtha atá eagraithe agus dáiríre iad a chomhlíonadh gan stró, ag spreagadh agus ag tacú, ar an gcaoi sin, le teacht chun cinn páirtithe polaitiúla Eorpacha. Ar an taobh eile, is gá freisin critéir oibiachtúla a bhunú chun acmhainní teoranta a leithdháileadh ó bhuiséad an AE, agus ar ceart dóibh fíoruaillmhian páirtí pholaitiúil Eorpaigh chomh maith le fíorthacaíocht thoghchánach a léiriú. Is fearr na critéir sin a aimsiú i dtorthaí na dtoghchán chuig Parlaimint na hEorpa, lenar féidir léiriú beacht a thabhairt ar aitheantas toghchánach ar pháirtí polaitiúil Eorpach, agus sainaithnítear leo na páirtithe sin atá ábalta bheith rannpháirteach go hiomlán i saol daonlathach an AE agus toil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl ar an leibhéal is airde. Dá bhrí sin, mar a d’iarr Parlaimint na hEorpa ina rún an 6 Aibreán 2011, áfach, agus mar aitheantas don ról atá ag an Parlaimint na hEorpa ó thaobh ionadú díreach a dhéanamh thar ceann shaoránaigh an Aontais, a sannadh di le hAirteagal 10(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, molann an Coimisiún nár cheart a bheith i dteideal cistiú AE a fháil ach amháin na páirtithe polaitiúla sin – agus, thairis sin, fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha – a ionadaíonn duine amháin dá gcomhaltaí ar a laghad dóibh i bParlaimint na hEorpa.

Thairis sin molann an Coimisiún athruithe tábhachtacha ar mhodh chistiú an AE le haghaidh páirtithe polaitiúla Eorpa agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Sa leasú atá beartaithe ar an Rialachán Airgeadais foráiltear go gcruthófar Teideal ar leith le haghaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha, nach bhfaigheadh deontais oibriúcháin a thuilleadh ach ranníochtaí *sui generis*. Leis an togra reatha, mar aon leis an athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais, tabharfar

isteach an méid solúbthachta is gá i ndáil le modhanna oibre agus gníomhaíochtaí na bpáirtithe polaitiúla agus na bhfondúireachtaí polaitiúla, go háirithe, *inter alia*, trí na leibhéil réamh-mhaoiniúcháin a ardú, trí na ceanglais chómhaoiniúcháin a laghdú agus trína cheadú cur le culchistí ó acmhainní dílse. Ina theannta sin, leis an togra reatha ardaítear leibhéal na ndeontas a cheadaítear in aghaidh na bliana agus in aghaidh an deontóra chun cumas na bpáirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla acmhainní dílse a ghiniúint a chothú.

Ar mhaithe leis an tsolúbthacht mhéadaithe a fhrithchothromú, bunaítear creat rialála agus rialaithe cuimsitheach trédhearcach, lena gcuimsítear na gnéithe uile atá nasctha le gníomhaíochtaí agus maoiniú na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla cleamhnaithe, lena gcumhdaítear a n-oibríochtaí aigeadais uile, beag beann ar fhoinse an chistiúcháin. Leis an gcreat sin treisítear oibleagáidí tuairiscithe agus trédhearcachta, neartaítear na meicníochtaí cuntasaíochta agus rialaithe, agus tugtar isteach córas nua smachtbhannaí riaracháin agus airgeadais comhréireacha i gcás sáruithe ar choinníollacha an Rialacháin, lena n-áirítear sáruithe ar na luachanna ar a bhfuil an AE bunaithe.

## 5. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Leanfaidh cistiú an AE arna soláthar do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha de theacht as buiséad Pharlaimint na hEorpa. Níl aon impleachtaí breise suntasacha ag an togra reatha le haghaidh bhuiséad an AE.

2012/0237 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 224 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[9],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[10],

Tar éis dul i gcomhairle le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa[11],

Tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí[12],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) In Airteagal 10(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 12(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh dearbhaítear go gcuireann páirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach le feasacht pholaitiúil Eorpach a mhúnlú agus le toil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a cur in iúl.

(2) In Airteagal 11 agus Airteagal 12 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh dearbhaítear gurb ionann an ceart um shaoirse comhlachais ar gach leibhéal, mar shampla in ábhair pholaitiúla agus shibhialta, agus an ceart um shaoirse cainte, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a bheith ag an duine agus eolas agus barúlacha a fháil agus a thabhairt gan cur isteach ó údarás poiblí agus ar neamhaird ar theorainneacha, agus bunchearta shaoránaigh uile an Aontais.

(3) Ba cheart saoránaigh Eorpacha a chumasú le húsáid a bhaint as na cearta sin agus páirt iomlán a ghlacadh i saol daonlathach an Aontais.

---

9 IO C , , lch. .
10 IO C , , lch. .
11 IO C , , lch. .
12 IO C , , lch. .

(4) Tá príomhról le himirt ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe, atá trasnáisiúnta go fírinneach, le guthanna saoránach a chur in iúl ar leibhéal Eorpach tríd an mbearna idir polaitíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a líonadh.

(5) Ba cheart páirtithe polaitiúla agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe a spreagadh agus cuidiú leo ina n-iarrachtaí nasc láidir a sholáthar idir an tsochaí shibhialta Eorpach agus na hinstitiúidí Eorpacha, go háirithe Parlaimint na hEorpa.

(6) Leis an taithí a fuair na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe i gcur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir leis na rialacháin lena rialaítear páirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach agus na rialacha maidir lena gcistiú[13], agus an rún reachtach maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003, a ghlac Parlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2011[14], léirítear an gá atá ann le feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil agus airgeadais le haghaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe chun iad a chumasú le bheith ina ngníomhaithe níos infheicthe agus níos éifeachtaí i gcóras polaitiúil il-leibhéil an Aontais.

(7) Mar aitheantas ar an misean a sannadh do pháirtithe polaitiúla Eorpacha sa Chonradh agus chun a n-obair a éascú, ba cheart stádas dlíthiúil Eorpach sonrach a bhunú le haghaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe, ag tabhairt láninniúlacht dhlítheanach dóibh agus aitheantais sna Ballstáit go léir.

(8) Ba cheart na nósanna imeachta atá le leanúint ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe chun stádas dlíthiúil Eorpach a fháil de bhun leagan síos an Rialacháin seo, mar aon leis na nósanna imeachta agus na critéir atá le hurramú agus cinneadh á dhéanamh faoi cibé acu an mbronnfar nó nach mbronnfar an stádas dlíthiúil Eorpach sin. Is gá freisin na nósanna imeachta a leagan síos le haghaidh cásanna ina ndéanfadh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a stádas dlíthiúil Eorpach a fhorghéilleadh, a chailleadh nó a thabhairt suas.

(9) Ba cheart na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a bheith rialaithe leis na rialacha suibstainteacha atá leagtha amach sa Rialachán seo, agus tríd an dlí náisiúnta sna Ballstáit, go háirithe dlí an Bhallstáit ina bhfuil a suíomh faoi seach acu agus chun na críocha ar cheart dóibh an fhoirm dhlíthiúil iomchuí a aithint ina leith, foirm nach mór di comhfhreagairt d’fhoirm eintitis dhlíthiúil atá aitheanta i ndlíchóras an Bhallstáit sin.

(10) Maidir leis na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe ar mhian leo aitheantas a fháil ar an leibhéal Eorpach sin trí stádas dlíthiúil Eorpach agus cistiú poiblí ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a fháil, ba cheart dóibh urramú do phrionsabail áirithe agus coinníollacha áirithe a chomhlíonadh. Go hairithe, ní mór do na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe na luachanna a urramú ar a bhfuil

13 IO L 297, 15.11.2003, lch 1.
14 IO C , , lch. .

an tAontas Eorpach bunaithe, mar atá leagtha amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(11) Ba cheart prionsabail agus ceanglais íosta maidir le rialáil agus eagrú inmheánach na bpáirithe polaitiúla Eorpacha a leagan síos, go háirithe le gealltanas i dtaobh caighdeáin arda daonlathais páirtí inmheánaigh agus urraim do na caighdeáin sin a áirithiú. Ba cheart sraith forálacha bunúsacha riaracháin agus dlíthiúla a bheith i reachtanna páirtí pholaitiúil Eorpaigh nó i reacht fondúireachta polaitiúla Eorpaí.

(12) Ba cheart incháilitheacht le haghaidh cistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a theorannú do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a fuair an t-aitheantas sin agus a fuair stádas dlíthiúil Eorpach. Cé go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú nach bhfuil na coinníollacha chun stádas páirtí pholaitiúil Eorpaigh a bhaint amach iomarcach, ach gur féidir le comhaontais trasnáisiúnta de pháirtithe polaitiúla nó de dhaoine nádúrtha nó díobh araon atá eagraithe agus dáiríre, a chomhlíonadh gan stró, is gá freisin critéir chomhréireacha a bhunú chun acmhainní teoranta ó bhuiséad an AE a leithdháileadh, lena dtaispeántar go hoibiachtúil an uaillmhian Eorpach agus an fhíorthacaíocht thoghchánach atá ann do pháirtí polaitiúil Eorpach. Is fearr na critéir sin a bheith bunaithe ar thoradh toghchán chuig Parlaimint na hEorpa, a gceanglaítear ar na páirtithe polaitiúla Eorpacha a bheith rannpháirteach iontu faoin Rialachán seo, lena dtugtar léiriú beacht ar aitheantas toghchánach páirtí pholaitiúil Eorpaigh. Ba cheart an ról atá ag Parlaimint na hEorpa mar ionadaí díreach ag saoránaigh an Aontais, arna sannadh di le hAirteagal 10(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpacha, a bheith soiléir sa chritéar, chomh maith leis an gcuspóir maidir le rannpháirteachas iomlán na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha i saol daonlathach an Aontais agus gur gníomhaithe gníomhacha iad i ndaonlathas ionadaíoch na hEorpa, chun dearcadh, tuairimí agus toil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl go héifeachtach. Ba cheart incháilitheacht le haghaidh cistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a theorannú do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a bhfuil duine amháin dá gcomhaltaí ar a laghad ina ionadaí dóibh i bParlaimint na hEorpa agus d’fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chuireann iarratas isteach trí pháirtí polaitiúil Eorpach a bhfuil duine amháin dá comhaltaí ar a laghad ina ionadaí dóibh i bParlaimint na hEorpa.

(13) Ar mhaithe le trédhearcacht chistiú na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha a mhéadú, agus le mí-úsáid fhéideartha na rialacha maidir le cistiú a sheachaint, ba cheart comhalta de chuid Pharlaimint na hEorpa, chun críocha cistiúcháin amháin, a mheas a bheith ina chomhalta de pháirtí polaitiúil Eorpach amháin ar a mhéid, agus ba cheart i gcás inar ábhartha, gur páirtí é a bhfuil a pháirtí náisiúnta nó réigiúnach cleamhnaithe leis ar an dáta deiridh le haghaidh chur isteach na n-iarratas.

(14) Ba cheart na nósanna imeachta atá le leanúint ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe agus iad ag cur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a leagan síos, chomh maith leis na nósanna imeachta, critéir agus rialacha atá le hurramú agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an gcistiú sin a dheonú.

(15) Ar mhaithe le cultúr polaitiúil Eorpach ina mbeidh neamhspleáchas, cuntasacht agus freagracht a chothú, ba cheart cineálacha áirithe bronntanas agus ranníocaíochtaí do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus d’fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ó fhoinsí eile

seachas buiséad an Aontais Eorpaigh a thoirmeasc nó a a chur faoi réir teorannacha agus diancheanglas trédhearcachta.

(16) Tugann a lán Ballstát cóir fhabhrach cánach do bhronntanais a thugtar do pháirtithe polaitiúla agus d'fhondúireachtaí polaitiúla i gcás an tairbhí agus na ndeontóirí araon. I bhfianaise an ghá atá le forbairt acmhainní dílse páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chothú, tá sé tábhachtach go gcuirfear an chóir fhabhrach cánach ar fáil freisin go huathoibríoch do pháirtithe polaitiúla Eorpacha, fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus a ndeontóirí, i gcás bronntanas a dhéanfar laistigh de theorannacha stát agus tharstu.

(17) Ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha bheith ábalta feachtais arna seoladh i gcomhthéacs toghchán chuig Parlaimint na hEorpa a mhaoiniú agus ba cheart cistiú agus teorannú speansas toghcháin do pháirtithe agus d'iarrthóirí ag na toghcháin sin a bheith á rialú leis na rialacha is infheidhme i ngach Ballstát. Ar mhaithe le cuidiú le hardú feasachta polaitiúla Eorpaí i measc shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus le trédhearcacht an phróisis thoghchánaigh Eorpaigh a chur chun cinn, ba cheart páirtithe polaitiúla Eorpacha a spreagadh chun na naisc idir iad féin agus a bpáirtithe polaitiúla náisiúnta cleamhnaithe mar aon lena a n-iarrthóirí a chur in iúl do shaoránaigh le linn toghchán chuig Parlaimint na hEorpa.

(18) Níor cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha, páirtithe polaitiúla eile ná páirtithe nó iarrthóirí náisiúnta go háirithe, a chistiú go díreach ná go hindíreach. Níor cheart d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, páirtithe polaitiúla ná iarrthóirí Eorpacha ná náisiúnta a mhaoiniú, go díreach ná go hindíreach. Thairis sin, níor cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha ná a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe feachtais reifrinn náisiúnta a mhaoiniú. Tá Dearbhú Uimh. 11 maidir le hAirteagal 191 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh atá curtha i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chonradh Nice léirithe sna prionsabail seo.

(19) Ar chúiseanna trédhearcachta, agus chun grinnscrúdú agus cuntasacht dhaonlathach na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a neartú, ba cheart faisnéis a mheastar a bheith chun leasa shubstaintigh an phobail, a bhaineann go sonrach lena reachtanna, comhaltacht, ráitis airgeadais, deontóirí agus bronntanais [ranníocaíochtaí] agus deontais arna bhfáil ó bhuiséad an Aontais, chomh maith le faisnéis a bhaineann le cinntí arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa maidir le clárú, cistiú agus pionóis, a fhoilsiú. Ach creat rialála a bhunú lena áirithiú go mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil ag an bpobal, sin an bealach is éifeachtaí chun cothromaíocht agus chun iomaíocht chóir a áirithiú idir fórsaí polaitiúla, rud a neartódh muinín na saoránach agus na vótálaithe sa daonlathas ionadaíoch Eorpach a neartú ar an gcuma sin, agus a thacódh le próisis toghchánacha agus reachtacha atá oscailte, trédhearcach agus daonlathach, agus, ar bhonn níos leithne, a choiscfidh calaois agus mí-úsáidí cumhachta. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, níor cheart go feidhm a bheith ag an oibleagáid i dtaca le haitheantas daoine nádúrtha a fhoilsiú maidir leis na comhaltaí sin de pháirtí polaitiúil Eorpach nár thoiligh go sainráite le foilsiú ná le bronntanais ar comhionann iad agus EUR 1 000 nó níos lú in aghaidh na bliana agus in aghaidh an deontóra. Chomh maith leis sin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart faisnéis faoi bhronntanais a fhoilsiú go bliantúil, ach amháin le linn feachtas toghcháin chuig Parlaimint na hEorpa, nó i gcás bronntanas is mó ná EUR 12 000 áit ar ceart iad a fhoilsiú go gasta.

(20) Leis an Rialachán seo urramaítear na cearta bunúsacha agus urramaítear na prionsabail atá coisricthe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 7 agus Airteagal 8 de ina ndearbhaítear go bhfuil an ceart ómóis dá shaol nó dá saol príobháideach ag gach duine agus cosaint na sonraí pearsanta a bhaineann leis, agus gur cheart é a chur chun feidhme agus na cearta agus na prionsabail sin á n-urramú.

(21) Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil leis an bpróiseáil a dhéanann institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail ar shonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin[15], tá feidhm aige maidir leis an bpróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann Parlaimint na hEorpa agus an coiste daoine neamhspleácha oirirce agus an Rialacháin seo á chur i bhfeidhm.

(22) Maidir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le cosaint daoine aonair i dáil le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht na sonraí sin[16], tá feidhm aici maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dheanfar agus agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm á chur i bhfeidhm .

(23) Ar mhaithe le soiléire dhlíthiúil, is cuí a shoiléiriú gurb iad Parlaimint na hEorpa, na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, na húdaráis náisiúnta atá inniúil chun rialú a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, agus tríú páirtithe ábhartha eile dá dtagraítear nó dá bhforáiltear sa Rialachán seo na rialathóirí sonraí de réir de bhrí Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 nó Threoir 95/46/CE. Is gá freisin an uastréimse a shonrú a bhféadfaidh siad na sonraí pearsanta arna mbailiú chun críocha dhlíthiúlacht, rialtacht agus thrédhearcacht chistiú na bpáirithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a áirithiú a choinneáil lena linn. Ina gcáil mar rialaitheóirí sonraí, ní mór do Pharlaimint na hEorpa, na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, na húdaráis inniúla náisiúnta agus na tríú páirtithe ábhartha na bearta iomchuí uile a dhéanamh chun oibleagáidí a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus le Treoir 95/46/CE a chomhlíonadh, go háirithe na hoibleagáidí a bhaineann le dlíthiúlacht na próiseála, slándáil na ngníomhaíochtaí próiseála, soláthar faisnéise agus cearta na ndaoine a mbaineann na sonraí leo rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta, chomh maith le ceartú agus scrios a sonraí pearsanta a fháil.

(24) Tá feidhm ag forálacha Chaibidil III de Threoir 95/46/CE maidir le leigheasanna breithiúnacha, dliteanas agus smachtbhannaí i ndáil leis an bpróiseáil sonraí a dhéantar agus an Rialacháin seo á chur i bhfeidhm. Ba cheart na húdaráis inniúla náisiúnta nó na tríú páirtithe ábhartha a bheith faoi dhliteanas i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le haon damáiste a dhéanann siad. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na húdaráis inniúla náisiúnta nó na tríú páirithe ábhartha faoi réir pionós iomchuí i leith sáruithe ar an Rialachán sin.

(25) Leagfar síos rialacha agus nósanna imeachta sonracha maidir le leithdháileadh na leithreasaí atá ar fáil gach bliain ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, ag cur san

---

15 IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.
16 IO L 281, 23.11.1995, lch 31.

áireamh, ar thaobh amháin, líon na dtairbhithe agus, ar an taobh eile, cion na gcomhaltaí tofa i bParlaimint na hEorpa de gach páirtí polaitiúil Eorpach is tairbhí agus, thairis sin, a fhondúireacht pholaitiúil Eorpach chleamhnaithe faoi seach. Déanfar foráil sna rialacha sin maidir le rialú dian trédhearcachta, cuntasaíochta, iniúchta agus airgeadais ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe, agus maidir le forálacha iniúchta arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gCúirt Iniúchóirí chomh maith le smachtbhannaí iomchuí, lena n-áirítear cás sáraithe arna dhéanamh ag páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe.

(26) Ba cheart don Pharlaimint a fhíorú go rialta go leanfar de na coinníollacha agus na ceanglais a bhaineann le clárú agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chomhlíonadh. Ba cheart an fíorú seo a dhéanamh go bliantúil, nó tar éis do dhuine nádúrtha nó dlítheanach an méid sin a iarraidh go réasúnaithe. Níor cheart cinntí a bhaineann le hurramú na luachanna ar a bhfuil an tAontas bunaithe a dhéanamh ach i gcomhréir leis an nós imeachta atá ceaptha go sonrach chun na críche sin, agus i gcomhairle leis an gcoiste daoine neamhspleácha oirirce.

(27) Ba cheart cúnamh teicniúil atá le tabhairt ag Parlaimint na hEorpa do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a bheith bunaithe ar phrionsabal na córa comhionainne, a sholáthar in aghaidh sonraisc agus íocaíochta agus beidh an cúnamh sin faoi réir tuarascála poiblí rialta.

(28) Ba cheart príomhghnéithe an Rialacháin a chur i láthair ar shuíomh gréasáin tiomnaithe agus a scrúdú i dtuarascáil bhliantúil ó Pharlaimint na hEorpa, tuarascáil ar ceart í a fhoilsiú.

(29) Tríd an léirmheas breithiúnach a bhaineann le dlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh cuideofar le cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin seo a áirithiú. Ba cheart forálacha a dhéanamh maidir le nósanna imeachta achomhairc riaracháin

(30) I bhfianaise an ghá atá le hathruithe agus breisithe suntasacha a chur leis na rialacha agus nósanna imeachta is infheidhme faoi láthair maidir le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I
## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*
*Ábhar*

Sa Rialachán tá na coinníollacha leagtha síos lena rialaítear an reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach (dá ngairtear “páirtithe polaitiúla Eorpacha” anseo feasta) agus fondúireachtaí polaitiúla ar leibhéal Eorpach (dá ngairtear "fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha” anseo feasta).

*Airteagal 2*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo:

(1) ciallaíonn 'páirtí polaitiúil' comhlachas saoránach a shaothraíonn cuspóirí polaitiúla,

(2) ciallaíonn 'comhaontas polaitiúil' comhar struchtúrtha idir páirtithe polaitiúla agus/nó daoine nádúrtha ó Bhallstáit éagsúla,

(3) ciallaíonn 'páirtí polaitiúil Eorpach' 'comhaontas polaitiúil' a shaothraíonn cuspóirí polaitiúla agus atá cláraithe le Parlaimint ne hEorpa i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta atá leagtha síos sa Rialachán seo,

(4) ciallaíonn 'fondúireacht pholaitiúil Eorpach' eintiteas atá cleamhnaithe go foirmiúil le páirtí polaitiúil Eorpach, a bhfuil reachtanna cláraithe aici le Parlaimint na hEorpa i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta atá leagtha síos sa Rialachán seo, agus atá, trína gníomhaíochtaí, laistigh d'aidhmeanna agus luachanna bunúsacha arna saothrú ag an Aontas Eorpach, ina gcranntaca ag cuspóirí an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh agus a chomhlánann na cuspóirí sin trí ceann amháin nó roinnt de na cúraimí seo a leanas, a chur i gcrích:

   (a) an díospóireacht faoi shaincheisteanna beartais phoiblí Eorpaigh agus próiseas an lánpháirtithe Eorpaigh a bhreathnú, a anailísiú agus cur léi,

   (b) gníomhaíochtaí atá nasctha le saincheisteanna beartais phoiblí Eorpaigh a fhorbairt, amhail seimineáir, oiliúint, comhdhálacha agus staidéir ar na saincheisteanna sin idir geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear eagraíochtaí óige agus iondadaithe eile na sochaí sibhialta, a eagrú agus tacú leo.

   (c) comhar a fhorbairt chun daonlathas, lena n-áirítear daonlathas i dtríú tíortha, a chur chun cinn,

   (d) fónamh mar chreat le haghaidh fondúireachtaí polaitiúla náisiúnta, acadóirí, agus gníomhaithe ábhartha eile chun bheith ag obair le chéile ar leibhéal na hEorpa,

(5) ciallaíonn 'Parlaimint réigiúnach' nó 'tionól réigiúnach' comhlacht a bhfuil sainordú toghchánach réigiúnach ag a chomhaltaí nó atá cuntasach go polaitiúil do thionól tofa,

(6) ciallaíonn 'cistiú ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh' deontas a bhronntar i gcomhréir le Teideal IV de Chuid a hAon de Rialachán (CE, EURATOM) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach[17] (dá ngairtear 'an

[17] IO L 248, 16.9.2002, lch 1. An tagairt le tabhairt cothrom le dáta a luaithe is a ghlacfar agus a fhoilseofar an Rialachán Airgeadais go foirmiúil.

Rialachán Airgeadais' anseo feasta) nó [ranníocaíocht] a bhronntar i gcomhréir le […][18].

(7) ciallaíonn 'bronntanas' tairiscintí airgid thirim agus bronntanais eile chomhchineáil (earraí nó seirbhísí) arb ionann iad agus buntáiste eacnamaíoch don pháirtí polaitiúil Eorpach nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann.

## CAIBIDIL II
## REACHT DO PHÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA AGUS FONDÚIREACHTAÍ POLAITIÚLA EORPACHA

*Airteagal 3*
*Coinníollacha maidir le clárú*

1. Beidh comhaontas polaitiúil, mar atá sainmhínithe in Airteagal 2, pointe (2), i dteideal reachtanna a chlárú le Parlaimint na hEorpa chun bheith ina pháirtí polaitiúil Eorpach faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

   (a) ní foláir a shuíomh a bheith aige i mBallstát,

   (b) ní foláir é a bheith ionadaithe, in aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad, ag Comhaltaí Pharlaimint na hEorpa nó sna Parlaimintí náisiúnta, sna Parlaimintí réigiúnacha nó sna tionóil réigiúnacha, nó

   ní foláir dó, in aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad, trí faoin gcéad ar a laghad de na vótaí a fháil a caitheadh i ngach ceann de na Ballstáit sin ag na toghcháin is deireanaí chuig Parlaimint na hEorpa,

   (c) ní foláir dó, go háirithe ina chlár agus ina ghníomhaíochtaí, agus trí ghníomhaíochtaí a gcomhaltaí, na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe a urramú, eadhon, meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine, lena n-áirítear cearta daoine ó ghrúpaí mionlaigh,

   (d) ní foláir dó sé páirt a ghlacadh i dtoghcháin chuig Parlaimint na hEorpa, nó a rún a chur in iúl go poiblí páirt a ghlacadh sna chéad toghcháin eile chuig Parlaimint na hEorpa,

   (e) ní ceart dó spriocanna brabúis a shaothrú.

2. Beidh fondúireacht pholaitiúil, i dteideal a reachtanna a chlárú chun bheith ina páirtí polaitiúil Eorpach le Parlaimint na hEorpa faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

---

[18] Ar an dáta a ghlacfar an togra reatha, glacfaidh an Coláiste doiciméad inmheánach oibre ón gCoimisiún maidir le togra chun an Rialachán Airgeadais nua, lena dtugtar isteach Teideal nua i dtaca le maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha trí bhíthin ranníocaíochtaí, a leasú. Déanfar tabhairt isteach 'ranníocaíochtaí' le haghaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha a dheimhniú tar éis do na comhreachtóirí an togra is deireanaí a luaitear a ghlacadh.

(a) ní foláir di bheith cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach atá aitheanta i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta atá leagtha síos sa Rialachán seo, mar atá deimhnithe trí reachtanna cláraithe an pháirtí sin,

(b) ní foláir a suíomh a bheith aici i mBallstát,

(c) ní foláir di, go háirithe ina clár agus ina gníomhaíochtaí, na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe a urramú, eadhon, meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine, lena n-áirítear cearta daoine ó ghrúpaí mionlaigh,

(d) ní foláir dá cuspóirí a bheith ag comhlánú cuspóirí an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a bhfuil sí cleamhnaithe leis go foirmiúil,

(e) ní foláir a comhlacht rialaithe a bheith comhdhéanta de chomhaltaí ó aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad,

(f) ní ceart di spriocanna brabúis a shaothrú.

3. Is féidir le páirtí polaitiúil Eorpach aon fhondúireacht pholaitiúil Eorpach amháin arna cleamhnú go foirmiúil a bheith aige. Ní foláir an caidreamh foirmiúil idir páirtí polaitiúil Eorpach agus a fhondúireacht pholaitiúil Eorpach chleamhnaithe a dhearbhú i reachtanna an dá cheann, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) agus Airteagal 5. Ní foláir do gach páirtí polaitiúil Eorpach agus do gach fondúireacht pholaitiúil Eorpach chleamhnaithe idirdhealú a áirithiú idir bainistíocht laethúil agus struchtúir rialaithe agus cuntais airgeadais an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh, ar thaobh amháin, agus a fondúireachtaí polaitiula Eorpaí, ar an taobh eile.

*Airteagal 4*
*Rialachas agus daonlathas inmheánach páirtithe polaitiúla Eorpacha*

1. Áireofar i reachteanna páirtí pholaitiúil Eorpaigh forálacha riaracháin agus dlíthiúla lena gcuimsítear an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) ainm an pháirtí, ar féidir é a idirdhealú go soiléir, agus ina fhoirm ghearr chomh maith, ó ainm aon pháirtí pholaitiúil Eorpaigh atá ann cheana,

(b) seoladh a shuímh, nach foláir dó bheith i gceann de na Ballstáit,

(c) foirm dhlíthiúil an pháirtí, mar a aithnítear é i ndlíchóras an Bhallstáit ina bhfuil a shuíomh aige,

(d) clár polaitiúil i scríbhinn ina bhfuil aidhm agus cuspóirí an pháirtí leagtha amach,

(e) a thiomantas cloí leis an bprionsabal neamhbhrabhúis, gan dochar d’Airteagal 12(4),

(f) ainm a fhondúireachta polaitiúla cleamhnaithe, i gcás inar ábhartha, agus tuairisc ar an gcaidreamh foirmiúil atá eatarthu,

(g) faisnéis faoi ionadaíocht an pháirtí i leith a ghníomhaíochtaí uile bainistíochta laethúla, lena n-áirítear ionadaíocht dhlíthiúil,

(h) riarachán agus bainistíocht airgeadais an pháirtí,

(i) na comhlachtaí nó na daoine nádúrtha, i ngach Ballstát lena mbaineann, a bhfuil an chumhacht ionadaíoch acu, go háirithe chun críocha maoin shochorraithe agus dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus chun bheith ina bpáirtí in imeachtaí dlíthiúla.

(j) díscaoileadh an eintitis mar pháirtí polaitiúil Eorpach aitheanta.

2. Áireofar i reachtanna páirtí pholaitiúil Eorpaigh forálacha maidir le daonlathas páirtí inmheánaigh lena gcuimsítear an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) ligean isteach, éirí as oifig agus eisiamh chomhaltaí an pháirtí, agus liosta comhaltaí i gceangal leis an méid sin,

(b) na cearta agus na dualgais a bhaineann le gach cineál comhaltachta, lena n-áirítear na rialacha lena ráthaítear cearta ionadaíochta na gcomhaltaí uile, bíodh siad ina ndaoine nádúrtha nó ina ndaoine dlítheanacha, agus na cearta vótála ábhartha,

(c) feidhmiú an chomhthionóil ghinearálta, ar ceart ionadaíocht na gcomhaltaí uile ann a áirithiú,

(d) toghadh daonlathach comhlachtaí rialaithe uile eile agus na próisis chinnteoireachta daonlathacha lena n-aghaidh, ag sonrú a chumhachtaí, a fhreagrachtaí agus a chomhdhéanaimh i gcás gach ceann acu, agus lena n-áirítear na modheolaíochtaí le haghaidh ceapadh agus dífhostú a chomhaltaí agus critéir shoiléire agus thrédhearcacha maidir le roghnú iarrthóirí agus toghadh sealbhóirí oifige, nach foláir a sainordú a theorannú ó thaobh ama ach a fhéadtar a athnuachan,

(e) próisis chinnteoireachta inmheánacha an pháirtí, go háirithe na nósanna imeachta vótála agus na ceanglais chóraim,

(f) a chur chuige maidir le trédhearcacht, go háirithe ó thaobh leabhar, cuntas agus bronntanas, príobháideachais agus cosanta sonraí pearsanta,

(g) an nós imeachta chun na reachtanna a leasú.

*Airteagal 5*
*Rialachas fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha*

Áirítear i reachtanna fondúireachta polaitiúla Eorpaí forálacha lena gcuimsítear an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) ainm na fondúireachta, nach foláir a bheith so-idirdhealaithe, ina fhoirm ghearr chomh maith lena fhoirm fhada, ó ainm aon fhondúireacht pholaitiúil Eorpach atá ann cheana,

(b) seoladh a suímh, nach foláir a bheith i gceann de na Ballstáit,

(c) foirm dhlíthiúil na fondúireachta, mar a aithnítear é i ndlíchórasi ndlíchóras an Bhallstáit ina bhfuil a suíomh aici,

(d) tuairisc ar aidhm agus ar chuspóirí na fondúireachta, nach foláir dóibh bheith comhoiriúnach leis na cúraimí atá liostaithe in Airteagal 2 pointe (4),

(e) a tiomantas cloí leis an bprionsabal neamhbhrabhúis,

(f) ainm an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a bhfuil sí cleamhnaithe go díreach leis, agus tuairisc ar an gcaidreamh foirmiúil atá eatarthu,

(g) liosta chomhlachtaí na fondúireachta, ag sonrú i gcás gach ceann acu a chumhachtaí, freagrachtaí agus comhdhéanamh, lena n-áirítear na modheolaíochtaí le haghaidh ceapadh agus dífhostú a chomhaltaí agus a bhainisteoirí,

(h) riarachán agus bainistíocht airgeadais na fondúireachta,

(i) na comhlachtaí nó na daoine nádúrtha, i ngach Ballstát lena mbaineann, a bhfuil an chumhacht ionadaíoch acu, go háirithe chun críocha maoin shochorraithe agus dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus chun bheith ina bpáirtí in imeachtaí dlíthiúla.

(j) an nós imeachta chun na reachtanna a leasú.

(k) díscaoileadh an eintitis mar fhondúireacht pholaitiúil Eorpach aitheanta.

*Airteagal 6*
*Clárú*

1. Bunóidh Parlaimint na hEorpa clárlann (dá ngairtear 'an Chlárlann' anseo feasta) chun críocha páirtí polaitiúil Eorpach agus fondúireacht pholaitiúil Eorpach a chlárú.

2. Ionas go gclárófar a reachtanna, déanfaidh an comhaontas polaitiúil, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 pointe (2), nó an fhondúireacht pholaitiúil atá cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach iarratas a chomhdú le Parlaimint na hEorpa.

3. Beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis an iarratas:

(a) doiciméid lena gcruthaítear go gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 3,

(b) reachtanna an pháirtí nó na fondúireachta, ina n-áireofar, mar a cheanglaítear le hAirteagal 4 agus le hAirteagal 5, clár polaitiúil an pháirtí i scríbhinn nó tuairisc ar aidhm agus ar chuspóirí na fondúireachta chomh maith leis na rialacha agus na forálacha faoi seach maidir le rialachas agus daonlathas páirtí inmheánaigh.

4. Ní fhéadfaidh fondúireacht pholaitiúil a reachtanna a chlárú leis an gClárlann ach amháin tríd an bpáirtí polaitiúil Eorpach lena bhfuil sí cleamhnaithe.

5. Laistigh de thrí mhí tar éis an t-iarratas ar chlárú a fháil, glacfaidh Parlaimint na hEorpa cinneadh, a fhoilseoidh sí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar aon le reachtanna an pháirtí nó na fondúireachta nó, i gcás nár formheasadh iarratas, na forais leis an diúltiú.

6. Déanfar aon leasuithe ar na doiciméid nó na reachtanna arna dtíolacadh mar chuid den iarratas ar chlárú i gcomhréir le mír 3 a chur i bhfios do Pharlaimint na hEorpa laistigh de cheithre seachtaine.

7. Déanfar liosta arna thabhairt cothrom le dáta de chomhaltaí fondúireachta polaitiúla Eorpaí, i gceangal le reachtanna an pháirtí i gcomhréir le hAirteagal 4(2), a chur chuig Parlaimint na hEorpa ar bhonn bliantúil, ach laistigh de cheithre seachtaine ó aon athruithe a bhféadfar nach gcomhlíonfaidh an páirtí polaitiúil Eorpach an ceanglas in Airteagal 3(1)(b) a thuilleadh dá n-eis.

*Airteagal 7*
*An clárú a fhíorú*

1. Fíoróidh Parlaimint na hEorpa go bliantúil go leanfaidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha de na coinníollacha agus na ceanglais atá leagtha amach in Airteagail 3, 4 agus 5 a chomhlíonadh.

I gcás inar ábhartha, déanfar uainiú an fhíoraithe bhliantúil dá dtagraítear sa mhír seo a ailíniú leis an nós imeachta iarratais ar chistiú atá leagtha amach in Airteagal 13, chun gur féidir leis an gClárlann agus leis an Oifigeach Údarúcháin faisnéis a chomhordú agus a mhalartú de réir mar is gá.

2. Aon uair a iarrann aon cheathrú dá comhaltaí, a ionadaíonn trí ghrúpa pholaitiúla ar a laghad i bParlaimint na hEorpa, é, cinnfidh Parlaimint na hEorpa trí thromlach dá comhaltaí an leanfar den choinníoll in Airteagal 3(1)(c) i gcás páirtí polaitiúil Eorpach, agus in Airteagal 3(2)(c) i gcás fondúireachta polaitiúla Eorpaí, a chomhlíonadh.

Sula ndéanfaidh sí a cinneadh, éistfidh Parlaimint na hEorpa le hionadaithe an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí lena mbaineann agus iarrfaidh sí ar choiste daoine neamhspleácha oirirce tuairim a thabhairt ar an ábhar laistigh de thréimhse réasúnta ama.

Beidh triúr comhaltaí ar an gcoiste sin, agus ceapfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún comhalta amháin laistigh de shé mhí tar éis dheireadh chéad sheisiún Pharlaimint na hEorpa tar éis toghchán chuig Parlaimint na hEorpa. Soláthróidh Parlaimint na hEorpa rúnaíocht agus cistiú an choiste.

3. Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, uair ar bith, iarraidh réasúnaithe a chur isteach chuig Parlaimint na hEorpa chun a fhíorú go leanfar de cheann amháin nó níos mó de na coinníollacha agus de na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh. Ní féidir sárú ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas bunaithe arna dhéanamh ag páirtí polaitiúil Eorpach, lena n-áirítear a chomhaltaí, nó ag fondúireacht pholaitiúil Eorpach a shuíomh ach i gcomhréir le mír 2.

4. Má chinneann Parlaimint na hEorpa nach bhfuil aon cheann de na coinníollacha nó na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 á chomhlíonadh a thuilleadh, beidh feidhm ag na forálacha dá bhforáiltear in Airteagal 11 nó in Airteagal 22 nó sa dá cheann, ag féachaint go cuí le forálacha Airteagal 23.

5. Forghéillfidh fondúireacht pholaitiúil Eorpach a stádas go huathoibríoch má bhaintear an páirtí polaitiúil Eorpach lena bhfuil sí cleamhnaithe den Chlárlann. Déanfaidh an tOifigeach Údarúcháin atá freagrach méid na ranníocaíochta nó an chomhaontaithe deontais nó an cinneadh maidir le cistiú an Aontais arna fháil faoin Rialachán seo a laghdú nó a fhoirceannadh, agus aon suimeanna arna n-íoc go míchuí faoin ranníocaíocht nó faoi chomhaontú deontais nó faoin gcinneadh a aisghabháil chomh maith le haon chistiú Aontais nár caitheadh faoi dháta an chinnidh arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 11.

## CAIBIDIL III

### STÁDAS DLÍTHIÚIL DO PHÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA AGUS FONDÚIREACHTAÍ POLAITIÚLA EORPACHA

*Airteagal 8*
*Pearsantacht dhlítheanach*

Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach agus ag an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach, a gheobhaidh siad ar an dáta a iontráilfear iad sa Chlárlann i gcomhréir le hAirteagal 6.

*Airteagal 9*
*Aitheantas dlíthiúil agus acmhainneacht dhlíthiúil*

Beidh lánaitheantas dlíthiúil agus láninniúlacht dhlíthiúil ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach agus ag an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach sna Ballstáit uile.

*Airteagal 10*
*An dlí is infheidhme*

1. Beidh an páirtí polaitiúil Eorpach agus an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach á rialú ag an Rialachán seo agus, i gcás ina n-údaraíonn an Rialachán seo go sainráite é, ag forálacha a reachtanna faoi seach.

2. I gcás ábhar nach bhfuil rialáilte ag an Rialachán seo nó, i gcás ina rialálann sé ábhair go páirteach, i gcás na ngnéithe sin nach bhfuil cumhdaithe leis, beidh an páirtí polaitiúil Eorpach agus an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach á rialú sa Bhallstát ina bhfuil a s(h)uíomh, ag na rialacha náisiúnta sin is infheidhme maidir leis an bhfoirm dhlíthiúil dá dtagraítear i reachtanna an pháirtí nó na fondúireachta. Beidh na gníomhaíochtaí a dhéanann an páirtí polaitiúil Eorpach agus an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach á rialú ag rialacha náisiúnta ábhartha na mBallstát sin.

*Airteagal 11*
*Stádas dlíthiúil a fhoirceannadh agus a thabhairt chun críche*

1. Déanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a stádas a fhorghéilleadh agus scorfaidh siad de phearsantacht dhlítheanach a bheith acu i gceann amháin de na cásanna seo a leanas:

   (a) cinneann a c(h)omhlacht rialaithe an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach a fhoirceannadh,

   (b) cinneann a c(h)omhlacht rialaithe an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach a thiontú ina (h)eintiteas dlíthiúil a aithnítear i ndlíchóras Ballstáit.

   (c) ní chomhlíonann páirtí polaitiúil Eorpach na ceanglais in Airteagal 3(1)(b) tar éis athruithe ar a chomhaltacht nó tar éis toghchán chuig Parlaimint na hEorpa,

   (d) baintear é den Chlárlann de bhun na bhforálacha in Airteagal 22(1) nó (4) nó i gcomhréir le hAirteagal 7(5).

2. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa cinneadh maidir leis an stádas dlíthiúil Eorpach a fhoirceannadh agus a bhaint den Chlárlann.

3. Má bhaineann ceann de na cásanna dá bhforáiltear i mír 1 pointí (a), (b) nó (c) le páirtí polaitiúil Eorpach nó le fondúireacht pholaitiúil Eorpach, déanfar aon chinneadh leanúnach maidir le cistiú ón Aontas arna fháil faoi réir an Rialacháin seo a aistharraingt nó aon chomhaontú ar an gcistiú sin a fhoirceannadh agus aon chistiú Aontais nach bhfuil caite a aisghabháil, lena n-áirítear aon chistí Aontais nach bhfuil caite ó bhlianta roimhe sin.

4. Rialófar foirceannadh, dócmhainneacht, scor d'íocaíochtaí agus nósanna imeachta comhchosúla trí na forálacha dlíthiúla a bhfuil feidhm acu maidir leis an bhfoirm dhlíthiúil dá dtagraítear i reachtanna an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí sa Bhallstát ina bhfuil a s(h)uíomh aige/aici.

## CAIBIDIL IV
## FORÁLACHA CISTIÚCHÁIN

*Airteagal 12*
*Coinníollacha maidir le cistiú*

1. Maidir le páirtí polaitiúil Eorpach a cláraíodh i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta atá leagtha síos sa Rialachán seo, arna ionadú i bParlaimint na hEorpa ag duine amháin dá chomhaltaí ar a laghad, agus nach bhfuil i gceann de na cásanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal [93] den Rialachán Airgeadais, féadfaidh sé cur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha atá foilsithe ag Parlaimint na hEorpa i nglao ar [ranníocaíochtaí].

2. Maidir le fondúireacht pholaitiúil Eorpach atá cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach atá incháilithe le cur isteach ar chistiú faoi mhír 1, cláraítear í i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta atá leagtha síos sa Rialachán seo, agus nach bhfuil i gceann de na cásanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal [93] den Rialachán Airgeadais, féadfaidh sé cur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha atá foilsithe ag Parlaimint na hEorpa i nglao ar thograí.

3. Chun críocha incháilitheacht do chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a chinneadh i gcomhréir le mír 1 agus Airteagal 3(1)(b) agus chun na forálacha in Airteagal 14(1) a chur i bhfeidhm, measfar Comhalta Pharlaimint na hEorpa a bheith ina chomhalta d’aon pháirtí polaitiúil Eorpaigh amháin, arb ionann é, i gcás inar ábhartha, agus an ceann a bhfuil a pháirtí nó a páirtí polaitiúil náisiúnta nó réigiúnach cleamhnaithe ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach.

4. Ní fhéadfaidh ranníochtaí airgeadais ná deontais ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh dul thar 90 % de chaiteachas inaisíoctha bliantúil páirtí pholaitiúil Eorpaigh agus 95 % de chostais incháilitheacha bliantúla arna léiriú i mbuiséad fondúireachta polaitiúla Eorpaí. Féadfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha aon chuid de ranníocaíocht an AE a bronnadh ach nár úsáideadh a úsáid chun caiteachas inaisíoctha a aisghabháil laistigh den dá bhliain airgeadais tar éis a bronnadh. Déanfar suimeanna nár úsáideadh tar éis an dá bhliain airgeadais sin a aisghabháil i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 13*
*Iarratas ar chistiú*

1. Ar mhaithe le cistiú a fháil ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, déanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach, a chomhlíonann choinníollacha Airteagal 12(1) nó (2), iarratas a chomhdú le Parlaimint na hEorpa gach bliain tar éis glao ar [ranníocaíochtaí] nó tograí.

2. Ní foláir don pháirtí polaitiúil Eorpach agus don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach, tráth a (h)iarratais, na hoibleagáidí atá liostaithe in Airteagal 19 a chomhlíonadh, agus, ó dháta an iarratais go dtí deireadh na bliana airgeadais arna gcumhdach ag an [ranníocaíocht] nó deontas, fanacht faoi chlárú sa Chlárlann agus ní bheidh sé/sí faoi réir aon cheann de na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 22.

3. Áireoidh fondúireacht pholaitiúil Eorpach a clár oibre bliantúil ina hiarratas.

4. Glacfaidh an tOifigeach Údarúcháin cinneadh laistigh de thrí mhí tar éis an ghlao ar [ranníocaíochtaí] nó an ghlao ar thograí, agus údaróidh sé agus bainisteoidh sé na leithreasaí comhfhreagracha, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

5. Ní fhéadfaidh fondúireacht pholaitiúil Eorpach iarratas a chur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh ach amháin tríd an bpáirtí polaitiúil Eorpach a bhfuil sí cleamhnaithe leis.

*Airteagal 14*
*Critéir maidir le bronnadh agus dáileadh cistiúcháin*

1. Déanfar na leithreasaí faoi seach atá ar fáil do na páirtithe polaitiúla Eorpach agus do na fondúirteachtaí polaitiúla Eorpacha ar ar bronnadh [ranníocaíochtaí] nó deontais i gcomhréir le hAirteagal 13 a dháileadh go bliantúil ar bhonn na heochrach dáilte seo a leanas:

   – dáilfear 15 % ina scaireanna comhionanna,

   – dáilfear 85 % i gcomhréir lena scair comhaltaí tofa i bParlaimint na hEorpa i measc na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha is tairbhithe.

   Úsáidfear an eochair dháilte chéanna chun cistiú a bhronnadh ar fhondúireachtaí polaitiúla, ar bhonn a gcleamhnachta le páirtí polaitiúil Eorpach.

2. Bunófar an dáileadh dá dtagraítear i mír 1 ar líon na gcomhaltaí tofa i bParlaimint na hEorpa ar comhaltaí iad den pháirtí polaitiúil Eorpach is iarrthóir ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach, ag cur san áireamh fhorálacha Airteagal 12(3).

   Tar éis an dáta sin, ní dhéanfaidh aon athruithe ar an líon comhaltaí difear don chion cistiúcháin faoi seach idir páirtithe polaitiúla Eorpacha nó fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Ní dochar don cheanglas in Airteagal 12(1) maidir leis an bpáirtí polaitiúil Eorpach a bheith ionadaithe i bParlaimint na hEorpa ag comhalta amháin ar a laghad dá chomhaltaí an méid sin.

*Airteagal 15*
*Bronntanais agus ranníocaíochtaí*

1. Féadfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha bronntanais a ghlacadh ó dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha suas le luach EUR 25 000 in aghaidh na bliana agus in aghaidh an deontóra, gan dochar do mhír 5.

2. Tráth a ráitis airgeadais bhliantúla a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa i gcomhréir le hAirteagal 19, tarchuirfidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha liosta na ndeontóirí uile mar aon lena mbronntanais chomhfhreagracha, ag léiriú nádúr agus luach na mbronntanas aonair. Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir leis na ranníocaíochtaí arna ndéanamh ag comhaltaí dá dtagraítear i mír 7 agus mír 8.

3. Déanfar bronntanais arna bhfáil ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha laistigh de shé mhí roimh thoghcháin chuig Parlaimint na hEorpa a thuairisciú i scríbhinn chuig Parlaimint na hEorpa ar bhonn seachtainiúil agus, i gcomhréir le forálacha mhír 2.

4. Déanfar bronntanais aonair ar luach níos mó ná EUR 12 000 ar ghlac na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha leo a thuairisciú láithreach i scríbhinn chuig Parlaimint na hEorpa agus i gcomhréir le forálacha mhír 2.

5. Ní ghlacfaidh páirtí polaitiúil Eorpach ná fondúireacht pholaitiúil Eorpach leis an méid seo a leanas:

(a) bronntanais nó ranníocaíochtaí gan ainm,

(b) bronntanais ó bhuiséid grúpaí polaitiúla i bParlaimint na hEorpa,

(c) bronntanais ó aon ghnóthas a bhféadfaidh na húdaráis phoiblí tionchar ceannasach a imirt air go díreach nó go hindíreach de bhua a n-úinéireachta air, a rannpháirteachais airgeadais ann, nó na rialacha lena rialaítear é,

(d) bronntanais ó aon údarás poiblí ó thríú tír, lena n-áirítear ó aon ghnóthas a bhféadfaidh na húdaráis phoiblí tionchar ceannasach a imirt air go díreach nó go hindíreach de bhua a n-úinéireachta air, a rannpháirteachais airgeadais ann, nó na rialacha lena rialaítear é.

6. Maidir le haon bhronntanas nach gceadaítear faoin Rialachán seo, déanfar é a chur ar ais laistigh de 30 lá ó fuair an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach é:

– chuig an deontóir nó chuig aon duine a ghníomhaíonn thar ceann an deontóra, nó,

– nuair nach féidir é a chur ar ais, tuairisceofar ina leith chuig Parlaimint na hEorpa. Déanfaidh an tOifigeach Údarúcháin an t-ord aisghabhála a shuíomh agus a údarú i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha síos in Airteagail [71] agus [72] den Rialachán Airgeadais. Déanfar na cistí a iontráil mar ioncam ginearálta i roinn Pharlaimint na hEorpa den Bhuiséad.

7. Ceadófar ranníocaíochtaí le páirtí polaitiúil Eorpach óna chomhaltaí. Ní rachaidh na ranníocaíochtaí sin thar 40 % de bhuiséad bliantúil an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh.

8. Ceadófar ranníocaíochtaí le fondúireacht pholaitiúil Eorpach óna comhaltaí, chomh maith le ranníocaíochtaí ó pháirtithe polaitiúla Eorpacha. Ní rachaidh na ranníocaíochtaí sin thar 40 % de bhuiséad bliantúil na fondúireachta polaitiúla Eorpaí sin agus ní fhéadfar iad a dhíorthú ó chistí a fuair páirtí polaitiúil Eorpach de bhun an Rialacháin seo ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

Fanfaidh an dualgas cruthúnais ar an bpáirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann, a léireoidh go soiléir ina chuntais foinsí na gcistí arna n-úsáid chun a fhondúireacht pholaitiúil Eorpach chleamhnaithe a mhaoiniú.

*Airteagal 16*
*Cóir chánach neamh-idirdhealaitheach maidir le bronntanais agus deontóirí*

1. Tairbheoidh aon pháirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a fhaigheann deontas laistigh de theorainneacha nó tharstu den chóir chánach chéanna agus atá infheidhme maidir le bronntanais a thugtar do pháirtí polaitiúil nó d'fhondúireacht pholaitiúil a bhfuil a s(h)uíomh aige nó aici sa Bhallstát lena mbaineann.

2. Tairbheoidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach a thugann bronntanas do pháirtí polaitiúil Eorpach nó d'fhondúireacht pholaitiúil Eorpach laistigh de theorainneacha nó tharstu den chóir chánach chéanna agus atá infheidhme maidir le bronntanais a thugtar do pháirtí polaitiúil nó d'fhondúireacht pholaitiúil a bhfuil a s(h)uíomh aige nó aici sa Bhallstát ina bhfuil an deontóir cónaitheach chun críocha cánach.

3. Chun críocha mhír 1 agus mhír 2, measfar an páirtí polaitiúil Eorpach agus an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach a bheith comhionann le páirtí polaitiúil agus le fondúireacht pholaitiúil faoi seach arna mbunú de bhun dhlí an Bhallstáit lena mbaineann.

*Airteagal 17*
*Feachtais a mhaoiniú i gcomhthéacs toghchán chuig Parlaimint na hEorpa*

1. Féadfar cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinse eile a úsáid chun feachtais arna seoladh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha i gcomhthéacs na dtoghchán chuig Parlaimint na hEorpa a mhaoiniú, ina nglacann siad páirt mar a cheanglaítear in Airteagal 3(1)(d).

I gcomhréir le hAirteagal 8 den Ghníomh maidir le toghadh chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann[19], déantar cistiú agus teorannú speansas toghcháin do na páirtithe agus do na hiarrthóirí uile i dtoghcháin chuig Parlaimint na hEorpa a rialú i ngach Ballstát trí fhorálacha náisiúnta.

2. Ba cheart do na páirtithe polaitiúla Eorpacha caiteachas atá nasctha le feachtais a sheoltar i gcomhthéacs toghchán chuig Parlaimint na hEorpa a shainaithint go soiléir amhlaidh mar chaiteachas den chineál sin ina ráitis airgeadais bhliantúla.

3. Déanfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha, i gcomhthéacs na dtoghchán chuig Parlaimint na hEorpa, na bearta uile is cuí chun saoránaigh an Aontais a chur ar an eolas faoi na cleamhnachtaí idir páirtithe agus iarrthóirí polaitiúla náisiúnta agus na páirtithe polaitiúla Eorpacha.

*Airteagal 18*
*Cistiú a thoirmeasc*

1. Ní úsáidfear cistiú páirtithe polaitiúla ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh ná ó aon fhoinse eile chun toghcháin náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla ná chun páirtithe polaitiúla eile a chistiú go díreach nó go hindíreach, go háirithe páirtithe nó iarrthóirí polaitiúla náisiúnta.

2. Ní úsáidfear cistiú fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinse eile chun aon chríche eile seachas maoiniú a gcúraimí mar atá sainmhínithe in Airteagal 2 pointe (4) agus chun caiteachas atá nasctha go díreach leis na cuspóirí atá leagtha amach ina reachtanna de réir Airteagal 5 a chumhdach. Ní úsáidfear é go háirithe le haghaidh cistiú díreach nó

[19] IO L 278, 8.10.1976, lch. 5.

indíreach toghchán Eorpach, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, páirtithe polaitiúla, iarrthóirí, ná fondúireachtaí.

3. Ní úsáidfear cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh ná ó aon fhoinse eile chun feachtais reifrinn náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla a mhaoiniú.

## CAIBIDIL V
## RIALÚ AGUS TRÉDHEARCACHT

### *Airteagal 19*
### *Cuntais agus oibleagáidí tuairiscithe*

1. Ar a dhéanaí laistigh de shé mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais, déanfaidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, an méid seo a leanas a chur faoi bhráid na Clárlainne agus na n-údarás náisiúnta inniúil sna Ballstáit:

(a) a ráitis airgeadais bhliantúla agus nótaí a ghabhann leo, lena gcumhdaítear an t-ioncam agus an caiteachas, agus sócmhainní agus dliteanais ag tús agus ag deireadh na bliana airgeadais, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil suíomh acu,

(b) tuarascáil iniúchóra sheachtraigh ar na ráitis airgeadais bhliantúla, lena gcumhdaítear iontaofacht na ráiteas airgeadais bliantúil sin agus dlíthiúlacht agus rialtacht a n-ioncam agus a gcaiteachas araon, arna déanamh ag comhlacht nó saineolaí neamhspleách arna údarú chun cuntais a iniúchadh faoin dlí is infheidhme sa Bhallstát ina a bhfuil a suíomh acu,

(c) liosta na ndeontóirí agus a mbronntanas comhfhreagrach arna dtuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 15(2), (3) agus (4).

2. I gcás ina gcuireann páirtithe polaitiúla Eorpacha caiteachas i gcrích go comhpháirteach le páirtithe polaitiúla náisiúnta nó ina gcuireann fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha caiteachas i gcrích go comhpháirteach le fondúireachtaí polaitiúla náisiúnta, agus le heagraíochtaí eile, áireofar fianaise faoin gcaiteachas arna dtabhú ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha nó ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha go díreach nó go hindíreach trí na tríú páirtithe sin sna ráitis airgeadais bhliantúla dá dtagraítear i mír 1.

3. Foilseofar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le hAirteagal 24.

### *Airteagal 20*
### *Cur chun feidhme agus rialú*

1. Cinnfear leithreasaí chun páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chistiú faoi réir an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil agus cuirfear chun feidhme an méid sin i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

Leagfaidh an tOifigeach Údarúcháin síos na téarmaí agus na coinniollacha le haghaidh [ranníocaíochtaí] agus deontas sa ghlao ar [ranníocaíochtaí] agus sa ghlao ar thograí.

2. Déanfar rialú an chistithe arna fháil ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a fheidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

Déanfar rialú a fheidhmiú freisin ar bhonn deimhniú bliantúil arna dhéanamh le hiniúchadh seachtrach neamhspleách, dá bhforáiltear in Airteagal 19(1).

3. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla sna Ballstáit ina bhfuil a suíomh faoi seach ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, i gcomhréir le hAirteagal 10(2), rialú ar an gcistiú arna fháil ó fhoinsí eile seachas buiséad an Aontais Eorpaigh, agus gach caiteachas a fheidhmiú. Déanfar an rialú sin a fheidhmiú i gcomhar le Parlaimint na hEorpa agus na húdaráis náisiúnta inniúla sna Ballstáit eile.

Comhaontóidh na húdaráis náisiúnta agus Parlaimint na hEorpa socruithe praiticiúla chun faisnéis faoi na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus faoi na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chomhroinnt.

4. Maidir le haon doiciméad nó aon fhaisnéis arna gceangal ag an gCúirt Iniúchóirí chun a cúram a chur i gcrích, déanfaidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a fhaigheann cistiú i gcomhréir leis an Rialachán iad a sholáthar arna iarriadh sin don Chúirt.

5. Sa chinneadh nó sa chomhaontú maidir le [ranníocaíocht] agus deontas a bhronnadh, déanfar foráil go sainráite maidir le hiniúchadh a dhéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chúirt Iniúchóirí, ar bhonn taifead agus ar an láthair, ar an bpáirtí polaitiúil Eorpach a fuair [ranníocaíocht] nó ar an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach a fuair deontas ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

6. Féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí agus an tOifigeach Údarúcháin, nó aon chomhlacht seachtrach arna údarú ag an Oifigeach Údarúcháin, na seiceálacha agus na fíoruithe ar an láthair is gá a dhéanamh chun dlíthiúlacht caiteachais agus cur chun feidhme ceart fhorálacha na [ranníocaíochta] agus an cinneadh nó an comhaontú maidir le deontas a bhronnadh, agus, i gcás fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, cur chun feidhme ceart an chláir oibre, a fhíorú. Soláthróidh an tairbhí aon doiciméad nó aon fhaisnéis is gá chun an cúram seo a chur i gcrích.

7. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-chalaoise (OLAF)[20] agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leas airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint in aghaidh calaoise agus neamhrialtachtaí[21] eile

---

20 IO L 136, 31.5.1999, lch. 1
21 IO L 292, 15.11.1996, lch. 2

d'fhonn a shuíomh, an raibh calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanfadh difear do leas airgeadais an Aontais i dtaca le [ranníocaíochtaí] nó deontais faoin Rialachán seo ar siúl. Más cuí, féadfaidh cinntí maidir le haisghabháil a theacht as torthaí Pharlaimint na hEorpa.

*Airteagal 21*
*Tacaíocht theicniúil*

Beidh an tacaíocht uile ó Pharlaimint na hEorpa do pháirtithe polaitiúla Eorpacha bunaithe ar phrionsabal na córa comhionainne. Tabharfar an tacaíocht sin ar choinníollacha nach lú fabhar ná na coinníollacha a thugtar d'eagraíochtaí agus do chomhlachais sheachtracha eile a bhféadtar áiseanna comhchosúla a thabhairt dóibh agus soláthrófar iad in aghaidh sonraisc agus íocaíochta.

I gcomhréir le hAirteagal 24, foilseoidh Parlaimint na hEorpa sonraí na tacaíochta teicniúla arna soláthar do gach páirtí polaitiúil Eorpach i dtuarascáil bhliantúil, laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais.

*Airteagal 22*
*Pionóis*

1. Má chinneann Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 7(2), gur mhainnigh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach na luachanna ar a bhfuil an tAontas bunaithe a urramú, nó go raibh sé faoi réir breithiúnais a bhfuil fórsa *res judicata* aige i gcás gníomhaíochtaí neamhdhleathacha atá díobhálach do leasa airgeadais an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal [93(1)(e)] den Rialachán Airgeadais, nó gur mhainnigh páirtí polaitiúil Eorpach na rialacha íosta maidir le daonlathas inmheánach arna gceangal ag Airteagal 4(2) a urramú, féadfar an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach atá i gceist a bhaint den Chlárlann, a stádas a fhorghéilleadh i gcomhréir le hAirteagal 11, agus aon chinneadh leanúnach maidir le cistiú Aontais arna fháil faoin Rialachán seo a aistharraingt nó aon chomhaontú leanúnach maidir leis an gcistiú sin a fhoirceannadh agus aon chistiú Aontais a aisghabháil, lena n-áirítear aon chistí Aontais nár caitheadh ó na blianta roimhe sin.

2. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa fíneáil a fhorchur ar pháirtí polaitiúil Eorpach nó ar fhondúireacht pholaitiúil Eorpach de réir an scála a chinnfidh sí:

   (a) i gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha agus de na ceanglais atá leagtha síos in Airteagail 3, 4 nó 5 nach bhfuil cumhdaithe ag mír 1 agus nach de thoradh athruithe ar chomhaltacht páirtí pholaitiúil Eorpaigh nó toghchán chuig Parlaimint na hEorpa iad,

   (b) sa chás ina mainnítear an fógra atá leagtha síos in Airteagal 6(6) agus (7) a thabhairt nó má chinneann Parlaimint na hEorpa gur sholáthair an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach faisnéis mhícheart nó mhíthreorach tráth ar bith,

   (c) má bhraitheann aon cheann de na comhlachtaí arna n-údarú ag an Rialachán seo le hiniúchadh nó seiceálacha a dhéanamh ar thairbhithe cistithe ó bhuiséad

ginearálta an Aontais Eorpaigh, má bhraitheann siad míchruinnis sna ráitis airgeadais,

(d) sa chás ina mainnítear liosta na ndeontóirí agus a mbronntanas comhfhreagrach a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa i gcomhréir le hAirteagal 15(2) nó bronntanais a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 15(3) agus (4),

(e) más rud é gur ghlac páirtí polaitilúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach le bronntanais nach bhfuil ceadaithe de réir Airteagal 15(5) nó nar thuairiscigh siad na bronntanais sin mar a cheanglaítear le hAirteagal 15(6).

3. Agus méid fíneála á fhorchur ar pháirtí polaitiúil Eorpach nó ar fhondúireacht pholaitiúil Eorpach de bhun mhír 2 á shocrú, cuirfidh Parlaimint na hEorpa san áireamh tromchúis, fad tréimhse agus, i gcás inar cuí, atarlú an tsáraithe, an t-am a d'imigh thart ó tharla an sárú, an rún nó an méid faillí, agus aon bhearta arna nglacadh chun coinníollacha agus ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh. Ní foláir aon fhíneáil a bheith éifeachtach agus díchomhairleach, agus ní fhéadfaidh sé dul thar 10 % de bhuiséad bliantúil an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí i dtrácht a chomhfhreagraíonn leis an mbliain ina bhforchuirtear an smachtbhanna.

4. Maidir le páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a mhainníonn, tar éis sáraithe arna thuairisciú i mír 2 pointe (a), bearta arna n-iarraidh ag Parlaimint na hEorpa chun an cor a leigheas a thabhairt isteach, in ainneoin gur tugadh an deis dó an méid sin a dhéanamh de bhun Airteagal 23, féadfar iad a bhaint den Chlárlann agus a stádas a fhorghéilleadh i gcomhréir le hAirteagal 11, agus aon chinneadh leanúnach maidir le cistiú Aontais arna fháil faoin Rialachán seo a aistharraingt nó aon chomhaontú leanúnach faoin gcistiú sin a fhoirceannadh agus aon chistiú Aontais a aisghabháil, lena n-áirítear aon chistí Aontais nár caitheadh ó na blianta roimhe sin.

5. Maidir le páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach atá faoi réir pionóis a fhorchuirtear air ar bhonn sáruithe atá liostaithe i mír 2, ní bheidh sé ag comhlíonadh Airteagal 13(2) a thuilleadh. Dá thoradh sin, déanfaidh an tOifigeach Údarúcháin atá freagrach méid na ranníocaíochta nó an chomhaontaithe deontais nó an chinnidh maidir le cistiú an Aontais arna fháil faoin Rialachán seo a laghdú nó a fhoirceannadh, agus suimeanna arna n-íoc go míchuí faoin ranníocaíocht nó comhaontú deontais nó cinneadh a aisghabháil, lena n-áirítear cistí Aontais nár caitheadh ó na blianta roimhe sin.

6. Féadfaidh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach, sa bhreis air sin, a eisiamh ó chistiú go ceann suas le cúig bliana i gcásanna mí-iompair ghairmiúil thromchúisigh arna suíomh ag an Oifigeach Údarúcháin i gcomhréir le hAirteagal [93(1)(c)] den Rialachán Airgeadais.

7. Beidh feidhm ag na pionós de bhun an Airteagail seo maidir le gach páirtí polaitiúil Eorpach agus gach fondúireacht pholaitiúil Eorpach is cuma an bhfaigheann siad cistiú ón Aontas nó nach bhfaigheann. Féadfaidh an tOifigeach Údarúcháin pionóis riaracháin agus/nó airgeadais a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal [96(2)] den Rialachán Airgeadais agus Airteagal [145] dá Rialacha maidir le Cur i bhFeidhm ar aon pháirtí polaitiúil Eorpach nó ar aon fhondúireacht pholaitiúil Eorpach atá i

gceann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal [96(1)] den Rialachán Airgeadais nach gcumhdaítear sna míreanna thuas.

*Airteagal 23*
*Éisteachtaí agus bearta ceartaitheacha*

1. Sula ndéanfaidh siad cinneadh críochnaitheach maidir le haon cheann de na pionóis in Airteagal 22, tabharfaidh Parlaimint na hEorpa an deis don pháirtí polaitiúil Eorpach nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a mbarúlacha a chur isteach agus, i gcás inar ábhartha agus cuí, na bearta a cheanglaítear a thabhairt isteach chun an cor a leigheas laistigh de tréimhse réasúnta ama.

2. Má mheasann Parlaimint na hEorpa go bhfuil gá leis, féadfaidh sí daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile a éisteacht, lena n-áirítear aon ghearánaigh dá dtagraítear in Airteagal 7(3).

## CAIBIDIL VI
## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 24*
*Trédhearcacht*

1. Foilseoidh an Chlárlann ar shuíomh gréasáin a chruthófar chun na críocha seo a leanas:

(a) ainmneacha agus reachtanna na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha uile, mar aon leis na doiciméid arna gcur isteach mar chuid den iarratas ar chlárú i gcomhreir le hAirteagal 6(3), ar a dhéanaí ceithre seachtaine tar éis do Pharlaimint na hEorpa a cinneadh a ghlacadh agus, thar an dáta sin, aon leasuithe arna gcur i bhfógra chuig Parlaimint na hEorpa de bhun Airteagal 6(6) agus (7),

(b) liosta na n-iarratas sin nach bhfuil formheasta, mar aon leis na doiciméid arna gcur isteach mar chuid den iarratas ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 6(3) agus foras an diúltaithe, ar a dhéanaí ceithre seachtaine tar éis do Pharlaimint na hEorpa a cinneadh a ghlacadh,

(c) tuarascáil bhliantúil ina bhfuil tábla agus na méideanna arna n-íoc le gach páirtí polaitiúil Eorpach agus fondúireachat pholaitiúil Eorpach ann, i n-aghaidh gach bliana airgeadais a bhfuarthas [ranníocaíochtaí] nó ar íocadh deontais ó bhuiseád ginearálta an Aontais Eorpaigh lena linn,

(d) ráitis airgeadais bhliantúla agus tuarascálacha iniúchóra sheachtraigh dá dtagraítear in Airteagal 19(1), agus, i gcás na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, na tuarascálacha deiridh faoi chur chun feidhme na gclár oibre,

(e) ainmneacha na ndeontóirí agus a mbronntanais chomhfhreagracha arna dtuairisciú ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir le hAirteagal 15(2), (3) agus (4), cé is moite de bhronntanais ó dhaoine

nádúrtha ar luach nach mó ná EUR 1 000 in aghaidh na bliana agus in aghaidh an chomhalta a thuairisceofar mar “ranníocaíochtaí beaga”,

(f) na ranníochtaí dá dtagraítear in Airteagal 15(7) agus (8) agus a thuairiscigh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir le hAirteagal 15(2), lena n-áirítear freisin aitheantas na gcomhaltaí a thug na ranníocaíochtaí, cé is moite de na ranníocaíochtaí ó dhaoine nádúrtha ar luach nach mó ná EUR 1 000 in aghaidh na bliana agus in aghaidh an chomhalta a thuairisceofar mar ‘mion-ranníocaíochtaí’,

(g) mionsonraí aon chinntí críochnaitheacha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa de bhun Airteagal 22 agus na cúiseanna leo, lena n-áirítear, i gcás inar ábhartha, na tuairimí arna nglacadh ag coiste na ndaoine neamhspleácha oirirce i gcomhréir le hAirteagal 7(2), ag féachaint go cuí d’fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 45/2001

(h) an tacaíocht theicniúil a tugadh do pháirtithe polaitiúla Eorpacha i gcomhréir le hAirteagal 21,

(i) na forálacha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 28,

(j) an tuarascáil mheastóireachta ó Pharlaimint na hEorpa faoi chur chun feidhme an Rialacháin seo agus faoi na gníomhaíochtaí a cistíodh dá dtagraítear in Airteagal 27.

2. Ó liosta na gcomhaltaí i bhfondúireacht pholaitiúil, atá i gceangal le reacht an pháirtí i gcomhréir le hAirteagal 4(2), agus a tugadh cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 6(7), foilseoidh Parlaimint na hEorpa líon iomlán na gcomhaltaí, aitheantas na ndaoine dlítheanacha ar comhaltaí iad, chomh maith le hainmneacha na ndaoine nádúrtha sin a thoiligh go sainráite i scríbhinn go bhfoilseofaí iad. Iarrfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha an toiliú sin mar chuid den ghnáthchleachtas ó na daoine nádúrtha uile ar comhaltaí iad.

3. Déanfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, i ráiteas príobháideachais a bheidh ar fáil go poiblí, an fhaisnéis arna ceangal le hAirteagal 10 de Threoir 95/46/CE a chur ar fáil do chomhaltaí agus do dheontóirí féideartha agus cuirfidh siad i bhfios dóibh go bhfeádfaidh Parlaimint na hEorpa, OLAF, an Chúirt Iniúchóirí, na húdaráis inniúla náisiúnta, agus comhlachtaí nó saineolaithe seachtrachta arna n-údarú acusan a sonraí pearsanta a phoibliú agus a phróiseáil chun críche iniúchta agus rialaithe. Agus Airteagal 11 de Rialachán (CE) 45/2001 á chur i bhfeidhm, áireoidh Parlaimint na hEorpa, an fhaisnéis cheánna sna glaonna ar ranníocaíochtaí nó tograí dá dtagraítear in Airteagal 13(1)**.**

*Airteagal 25*
*Sonraí pearsanta a chosaint*

1. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil de bhun an Rialacháin seo, comhlíonfaidh Parlaimint na hEorpa agus an coiste dá dtagraítear in Airteagal 7(2) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001. Chun críocha sonraí pearsanta a phróiseáil, measfar iad a bheith ina rialaitheoirí sonraí i gcomhréir le hAirteagal 2(d) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

2. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil de bhun an Rialacháin sin, comhlíonfaidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, na húdaráis náisiúnta is inniúil chun rialú a fheidhmiú ar ghnéithe a bhaineann le maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir le hAirteagal 20(3) agus na comhlachtaí agus na saineolaithe neamhspleácha arna n-údarú chun cuntais a iniúchadh i gcomhréir le hAirteagal 19(1), comhlíonfaidh siad Treoir 95/46/CE agus na forálacha náisiúnta arna nglacadh dá bun. Chun críocha sonraí pearsanta a phróiseáil, measfar iad a bheith ina rialaitheoirí sonraí i gcomhréir le hAirteagal 2(d) de Threoir (CE) Uimh. 95/46/CE.

3. Áiritheoidh Parlaimint na hEorpa agus an coiste dá dtagraítear in Airteagal 7(2) nach n-úsáidfear sonraí pearsanta arna mbailiú acu de bhun an Rialacháin seo chun aon chríocha seachas dlíthiúlacht, rialtacht agus trédhearcacht chistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus comhaltacht páirtithe polaitiúla Eorpacha a áirithiú. Scriosfaidh siad na sonraí pearsanta sin ar a dhéanaí 24 mí tar éis na codanna ábhartha a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 24.

4. Ní úsáidfidh na húdaráis naisiúnta inniúla agus na comhlachtaí agus na saineolaithe neamhspleácha arna n-údarú chun cuntais a iniúchadh na sonraí pearsanta a fhaigheann siad ach amháin chun rialú a fheidhmiú ar mhaoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ar fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Scriosfaidh siad na sonraí pearsanta sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme tar éis iad a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa de bhun Airteagal 20(3).

5. Féadfar sonraí pearsanta a choinneáil thar na teorainneacha ama atá leagtha síos i mír 3 nó dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta is infheidhme dá dtagraítear i mír 4 más gá chun críocha nósanna imeachta dlíthiúla nó riaracháin a bhaineann le cistiú páirtí pholaitiúil Eorpaigh nó fondúireachta polaitiúla Eorpaí nó le comhaltacht páirtí pholaitiúil Eorpaigh. Scriosfar na sonraí pearsanta sin uile ar a dhéanaí seachtain amháin tar éis an dáta a a thabharfar na himeachtaí sin chun críche trí chinneadh críochnaitheach, nó tar éis aon iniúchtaí, achomhairc nó éilimh a chur de láimh.

6. Déanfaidh na rialaitheoirí sonraí dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun sonraí pearsanta a chosaint in aghaidh scriosadh tionóisceach nó neamhdhleathach nó cailleadh tionóisceach, athrú, nochtadh nó rochtain neamhúdaraithe, go háirithe i gcás ina mbaineann an phróiseáil le sonraí a tharchur thar líonra, agus in aghaidh aon fhoirmeacha neamhdhleathacha próiseála eile.

7. Beidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freagrach as faireachán a dhéanamh agus as a áirithiú go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an coiste dá dtagraítear in Airteagal 7(2) cearta bunúsacha agus saoirsí daoine nádúrtha a urramú agus a chosaint agus sonraí pearsanta á bpróiseáil de bhun an Rialacháin seo. Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, féadfaidh gach duine is ábhar do shonraí gearán a chur isteach chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí má mheasann sé go bhfuil an ceart maidir le cosaint a sonraí pearsanta sáraithe de thoradh phróiseáil na sonraí sin arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa agus an coiste.

8. Beidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, na húdaráis náisiúnta inniúla agus na comhlachtaí agus na saineolaithe neamhspleácha arna n-údarú chun cuntais a iniúchadh faoin Rialachán seo faoi dhliteanas i

gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme i leith aon damáiste a dhéanann siad agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu de bhun an Rialacháin seo. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh siad faoi réir pionós éifeachtach, comhréireacha agus dhíchomhairleacha i gcás sáruithe ar an Rialachán seo, ar Threoir 95/46/CE agus ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh dá mbun, agus go háirithe i gcás úsáide chalaoisí sonraí pearsanta.

*Airteagal 26*
*Ceart achomhairc*

1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa foráil maidir le nósanna imeachta achomhairc riaracháin i ndáil le haon chinntí atá nasctha le clárú reachtanna, cistiú nó pionóis.

2. Ní bheidh éifeacht fionraíochta ag nósanna imeachta achomhairc riaracháin. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, áfach, má mheasann sí go n-éilíonn na himthosca é, cur i bhfeidhm aon chinnidh a ghlac sí a fhionraí.

3. Féadfaidh cinntí arna ndéanamh de bhun an Rialacháin seo a bheith faoi réir nósanna imeachta cúirte os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le forálacha ábhartha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 27*
*Meastóireacht*

Foilseoidh Parlaimint na hEorpa faoin 1 Iúil den tríú bliain tar éis toghchán chuig Parlaimint na hEorpa tuarascáil faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus faoi na gníomhaíochtaí arna gcistiú. Léireofar sa tuarascáil, i gcás inar cuí, leasuithe féideartha atá le déanamh ar na córais reachta agus cistiúcháin.

*Airteagal 28*
*Rialacha cur chun feidhme*

Glacfaidh Parlaimint na hEorpa Cinneadh lena leagfar síos na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le bunú na Clárlainne.

*Airteagal 29*
*Aisghairm*

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 30*
*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2013.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |